



## Eisiúint ComReg le haghaidh na Meán 08/09/22

### Tuarascáil Ráithiúil ar Earnáil na Cumarsáide Leictreonaí eisithe ag ComReg le haghaidh R2 2022

Inniu, d'eisigh an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide (ComReg) a Thuarascáil Príomhshonraí Ráithiúil ar an Margadh Teileachumarsáide Leictreonaí le haghaidh na tréimhse (1 Aibreán go 30 Meitheamh), R2 2022.

Mhéadaigh línte suibscríobhaithe leathanbhanda fhosaithe go 1.59 milliún, méadú 0.5 % ar an ráithe seo agus méadú 2.6 % i gcomparáid le R2 2021. Ba línte suibscríobhaithe cábla snáthoptaice go háitreabh (FTTP) iad beagnach 431k díobh sin, is é sin 27 % de na línte suibscríobhaithe leathanbhanda fhosaithe iomlána in R2 2022, méadú ó 19.9 % in R2 2021.

De réir Eurostat, ba é 93% ráta dul i bhfód leathanbhanda tí na hÉireann (lena n-áirítear leathanbhanda fhosaithe agus leathanbhanda gan sreang) in 2021, ráta is airde ná meán an Aontais: 90 %.

Ar bhonn míosúil, d'úsáid meánlíne suibscríobhaí leathanbhanda fhosaithe chónaithe 344.2 GB sonraí, méadú 0.2 % ó R2 2021.

In R2 2022, thart ar 53.3 % de na línte suibscríobhaithe leathanbhanda, cheannaigh siad leathanbhanda dar luas nach lú ná 100Mbps, agus 24.7 % de na línte suibscríobhaithe leathanbhanda fhosaithe uile, níor lú a luas ceannaithe ná 500Mbps.

Tháinig laghdú 2.4 % ar nóiméid tráchta gutha sa ráithe seo, is é sin, 11.1 % níos ísle ná mar a bhí i R2 2021. Is nóiméid gutháin póca iad formhór na nóiméid gutha, is é sin, 88.3 %, agus nóiméid sheasta an 11.7 % a bhí fágtha. Tháinig laghdú 1.9 % ar nóiméid gutháin póca an ráithe seo, agus tháinig laghdú 6.0 % ar nóiméid gutha sheasta. Ar bhonn míosúil, d'úsáid meán-shuibscríobhaí guthghlaonna móibíleacha 197 nóiméad (laghdú bliantúil 13.6 %), sheol sé 37 téacs (laghdú bliantúil 17.6 %) agus d'úsáid sé 13.8 GB sonraí (méadú bliantúil + 25.8 %).

Mhéadaigh líon na suibscríbhinní móibíleacha iomlána (lena n-áirítear leathanbhanda gan sreang agus meaisín go meaisín (M2M)) go 8.3 milliún in R2 2022 — méadú de thoradh ardú ar shuibscríbhinní ar bhonn iaríocaíochta, arb iad 70 % de na suibscríbhinní móibíleacha uile. Méadaigh ar shuibscríbhinní M2M & MBB freisin. Ba é 664k líon iomlán na suibscríobhaithe 5G i R2. Méadaigh suibscríbhinní M2M go 2.49 milliún, méadú 39.0 % in aghaidh na bliana agus ba iad 29.8 % de na suibscríbhinní móibíleacha uile i R2 2022.

Tá an Tuarascáil Príomhshonraí Ráithiúil le haghaidh R2 2022 ar fáil ar shuíomh gréasáin ComReg [www.comreg.ie/publications](http://www.comreg.ie/publications). An tairseach sonraí ina bhfuil an tacar iomlán sonraí agus na cairteacha gaolmhara, tá sí ar fáil ar <https://www.comreg.ie/industry/electronic-communications/data-portal/>

**CRÍOCH**